II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1577 ÓN gCOIMISIÚN

**an 20 Aibreán 2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála maidir le ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh i gcás suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí agus maidir leis an gcaoi a gcaithfear leis na suíomhanna sin chun críocha na gceanglas maidir le cúltástáil agus sannadh brabúis agus caillteanais faoi cur chuige malartach na samhlacha inmheánacha**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 325(9), an tríú fomhír, Airteagal 325bf(9), an tríú fomhír, agus Airteagal 325bg(4), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I bhfianaise na dtomhas éagsúil luacha is infheidhme maidir le suíomhanna leabhair neamhthrádála, is gá a shonrú ar cheart d'institiúidí an luach de réir na leabhar nó an luach cóir atá ag na suíomhanna sin a úsáid mar bhonn chun ríomh a dhéanamh, i gcomhréir leis an gcur chuige caighdeánaithe malartach nó le cur chuige malartach na samhlacha inmheánacha a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a agus Caibidil 1b, faoi seach, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ar na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh i gcás suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí, riosca tráchtearraí nó atá faoi réir an dá riosca araon.

(2) Ó tharla nach iad fachtóirí riosca margaidh amháin a théann i bhfeidhm ar luach na suíomhanna leabhair neamhthrádála, níor cheart a cheangal ar institiúidí luacháil laethúil a dhéanamh ar na suíomhanna sin chun ríomh a dhéanamh ar cheanglais cistí dílse le haghaidh riosca malairte eachtraí faoin gcur chuige caighdeánaithe malartach. Ina ionad sin, níor cheart d'institiúidí ach na hathruithe sin a bhaineann le comhpháirteanna riosca malairte eachtraí na suíomhanna sin a léiriú i luach na suíomhanna sin a úsáidtear mar bhonn ríofa.

(3) Chun comhsheasmhacht a áirithiú le cleachtais chuntasaíochta, ba cheart d'institiúidí úsáid a bhaint as an luach de réir na leabhar is déanaí atá ag suíomh leabhair neamhthrádála mar bhonn chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca malairte eachtraí i gcomhréir leis an gcur chuige caighdeánaithe malartach. Mar sin féin, meastar luachanna córa na suíomhanna sin a bheith ina mbonn iomchuí chun na ceanglais cistí dílse a ríomh. Dá bhrí sin, ba cheart a cheadú d'institiúidí an luach cóir a úsáid in ionad an luacha de réir na leabhar is déanaí atá ar fáil mar bhonn le haghaidh an ríomha sin má thomhaiseann siad a suíomhanna leabhair neamhthrádála uile de réir luach cóir ar a laghad gach ráithe.

([1]) IO L 176, 27.6.2013 lch. 1.

(4) Maidir leis an minicíocht ar dá réir a gceanglaítear ar institiúidí an bonn a nuashonrú chun na hathruithe sna fachtóirí riosca malairte eachtraí a léiriú, ba cheart sin a dhéanamh ar bhonn míosúil chun teorainn a chur le haon mhíléiriú a d'fhéadfaí a thabhairt ar an riosca malairte eachtraí sa leabhar neamhthrádála. Tá an mhinicíocht sin comhréireach, go háirithe i gcomparáid leis an minicíocht laethúil ar dá réir a gceanglaítear ar institiúidí na fachtóirí riosca malairte eachtraí a nuashonrú faoi chur cur chuige malartach na samhlacha inmheánacha.

(5) Ó tharla go bhféadfadh roinnt de na suíomhanna malairte eachtraí sa leabhar neamhthrádála eascairt as míreanna neamhairgeadaíochta nach ndéantar a luachanna a nuashonrú ag gach dáta tuairiscithe chun na hathruithe sa ráta malairte a léiriú, is gá modh cóireála sonrach a leagan síos chun ríomh na gceanglas cistí dílse a chomhchuibhiú le haghaidh ráta malairte eachtraí i gcás na míreanna sin a chomhchuibhiú i gcomhréir leis an modh íogaireacht-bhunaithe a leagtar síos i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Roinn 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

(6) I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta, ceanglaítear go ginearálta ar institiúidí a gcuid ionstraimí airgeadais a bhfuil riosca tráchtearraí orthu a thomhas de réir luach cóir chun ceanglais cistí dílse a ríomh. I gcás ina sealbhaíonn institiúid tráchtearra go fisiciúil, áfach, agus nach n-úsáideann sí luach cóir an tsuímh sin chun críoch cuntasaíochta, ba cheart luach cóir an tsuímh sin a úsáid mar bhonn chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh, ó tharla go n-áirithítear leis cur chun feidhme cruinn agus simplí den cur chuige caighdeánaithe malartach. Ina theannta sin, tríd an luach cóir a úsáid mar bhonn ceadaítear d'institiúidí idirbhearta falúcháin agus éifeachtaí an éagsúlaithe a shainaithint go cruinn idir na suíomhanna a shealbhaítear sa leabhar neamhthrádála agus na suíomhanna sin a shealbhaítear sa leabhar trádála. Ba cheart an bonn sin a nuashonrú gach mí, rud a d'áiritheofaí cur chuige comhréireach dá réir, go háirithe i gcomparáid leis an minicíocht laethúil ar dá réir a gceanglaítear ar institiúidí na fachtóirí riosca tráchtearraí a nuashonrú faoi chur chuige malartach na samhlacha inmheánacha.

(7) Maidir leis an gcreat rialála uileghabhálach le haghaidh luacháil suíomhanna sa leabhar neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí faoi cur chuige malartach na samhlacha inmheánacha, ba cheart é a ailíniú leis an gcreat rialála faoin gcur chuige caighdeánaithe malartach, ó tharla go bhféadfadh deasca trádála a bheith ann a ndéantar caipitliú ar a suíomhanna trí úsáid a bhaint as an gcur chuige caighdeánaithe malartach le linn ráithe amháin agus trí úsáid a bhaint as cur chuige malartach na samhlacha inmheánacha le linn ráithe eile. Murab ionann agus an cur chuige caighdeánaithe malartach, is gá a leagan síos nach mór figiúirí laethúla a ríomh i gcás chur chuige malartach na samhlacha inmheánacha.

(8) Chun críocha an cheanglais maidir le cúltástáil agus sannadh brabúis agus caillteanais a leagtar amach in Airteagail 325bf agus 325bg de Rialacháin (AE) Uimh. 575/2013 faoi cur chuige malartach na samhlacha inmheánacha, is gá a shonrú conas a dhéanfaidh institiúidí athruithe hipitéiseacha agus iarbhír ar luach na punainne a ríomh, go háirithe i ndáil le luachanna a gcuid suíomhanna leabhair neamhthrádála. Dá bhrí sin, chun aghaidh a thabhairt ar shaintréithe sonracha na suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí, is gá a shonrú conas ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 ón gCoimisiún [2] a chur i bhfeidhm maidir leis na suíomhanna sin.

(9) Chun comhsheasmhacht a áirithiú le raon feidhme na rioscaí arna ngabháil sa tsamhail tomhais riosca, leis na hathruithe hipitéiseacha agus iarbhír ar luach na punainne níor cheart léiriú a thabhairt, go ginearálta, ach ar na hathruithe a bhaineann le fachtóirí riosca margaidh. De bhrí go bhféadfadh sé a bheith dúshlánach, áfach, athruithe a bhaineann le riosca malairte eachtraí agus riosca tráchtearraí a dhealú i gcás suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca tráchtearraí agus suíomhanna leabhair neamhthrádála nach n-athraíonn go líneach de réir gluaiseachtaí sa ráta malairte, sna hathruithe iarbhír agus hipitéiseacha ar luach na punainne ba cheart a cheadú d'institiúidí léiriú a thabhairt ar na hathruithe a bhaineann leis na comhpháirteanna uile lena gcinntear luachanna na suíomhanna leabhair neamhthrádála sin.

(10) Tá dlúthnasc idir na forálacha sa Rialachán seo, de bhrí go mbíonn siad go léir ag plé le conas a dhéileáiltear le suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí, riosca tráchtearraí, nó atá faoi réir an dá riosca sin araon. Chun comhleanúnachas a áirithiú idir na forálacha sin, ar cheart go dtiocfaidís i bhfeidhm an tráth céanna, agus chun rochtain agus léargas cuimsitheach ar na forálacha sin a éascú le haghaidh daoine atá faoi réir na bhforálacha a leagtar amach iontu, is iomchuí na forálacha sin go léir a áireamh in aon Rialachán amháin.

(2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear mionsonraí teicniúla na gceanglas cúltástála agus na gceanglas sannta brabúis agus caillteanais faoi Airteagal 325bf agus Airteagal 325bg de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (IO L 276, 26.10.2022, lch. 47).

(11) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.

(12) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na sochair a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (3),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh i gcás suíomhanna leabhair neamhthrádála faoi réir riosca malairte eachtraí i gcomhréir leis an gcur chuige caighdeánaithe malartach**

1. Le linn ríomh a dhéanamh ar na ceanglais cistí dílse le haghaidh suíomhanna leabhair neamhthrádála faoi réir riosca malairte eachtraí faoin modh íogaireacht-bhunaithe i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Roinn 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is é an luach de réir na leabhar is déanaí atá ar fáil le haghaidh na suíomhanna sin a úsáidfidh institiúidí mar bhonn.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh institiúidí úsáid a bhaint as an luach cóir is déanaí atá ar fáil de chuid suíomh leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí, ar choinníoll go ndéanann siad a suíomhanna leabhair neamhthrádála uile a thomhas de réir luach cóir ar bhonn ráithiúil ar a laghad. Agus an maolú sin á úsáid, cuirfidh institiúidí i bhfeidhm é go comhsheasmhach ar na suíomhanna leabhair neamhthrádála uile atá faoi réir riosca malairte eachtraí.

3. Déanfaidh institiúidí nuashonrú ar an luach is déanaí atá ar fáil a úsáidtear mar bhonn chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca malairte eachtraí a ríomh i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 ar bhonn míosúil ar a laghad, trí na hathruithe ar luach na bhfachtóirí riosca malairte eachtraí a léiriú.

4. Sainaithneoidh institiúidí airgeadra ainmníochta na míre mar an t-airgeadra eachtrach as a dtiocfadh an lagú is airde ar an mír i gcás dhímheas an airgeadra eachtraigh sin in aghaidh a airgeadra tuairiscithe, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) ní thomhaistear an mhír de réir luach cóir;

(b) tá an mhír faoi réir an riosca lagaithe mar gheall ar riosca malairte eachtraí;

(c) ní dhéantar nuashonrú ar luach na míre de réir na leabhar tráth gach dáta tuairiscithe chun na hathruithe ar an ráta malairte idir an t-airgeadra eachtrach agus an t-airgeadra tuairiscithe a léiriú.

I gcás ina ndéanann institiúidí a gceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh ar bhonn comhdhlúite, sainaithneoidh siad airgeadra ainmníochta míre mar airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide a aithníonn an mhír sin ina ráiteas airgeadais aonair, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) ní thomhaistear an mhír de réir luach cóir;

(b) tá an mhír faoi réir an riosca lagaithe mar gheall ar riosca malairte eachtraí;

(c) tá airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide éagsúil le hairgeadra tuairiscithe na hinstitiúide a aithníonn an mhír ina ráiteas airgeadais aonair;

(d) ní dhéantar nuashonrú ar luach na míre de réir na leabhar tráth gach dáta maidir le tuairisciú chun léiriú a thabhairt ar na hathruithe ar an ráta malairte idir an t-airgeadra eachtrach agus airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide a aithníonn an mhír ina ráiteas airgeadais aonair.

(3) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

5. Maidir leis an íogaireacht deilte i leith riosca malairte eachtraí a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 325r(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhfhreagraíonn do na míreanna dá dtagraítear i mír 4 den Rialachán seo, beidh sí cothrom leis an luach atá ag na míreanna sin san airgeadra ainmníochta arna shainaithint i gcomhréir leis an mír sin, arna iolrú faoin spotráta malairte idir an t-airgeadra ainmníochta agus airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide.

*Airteagal 2*

**Na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh i gcás suíomhanna leabhair neamhthrádála faoi réir riosca tráchtearraí i gcomhréir leis an gcur chuige caighdeánaithe malartach**

Le linn ríomh a dhéanamh ar na ceanglais cistí dílse le haghaidh suíomhanna leabhair neamhthrádála faoi réir riosca tráchtearraí faoin modh íogaireacht-bhunaithe i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Roinn 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is é an luach cóir is déanaí atá ar fáil le haghaidh na suíomhanna sin a úsáidfidh institiúidí mar bhonn.

Déanfaidh institiúidí na suíomhanna sin a thomhas de réir luach cóir ar bhonn míosúil ar a laghad.

*Airteagal 3*

**Na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh i gcás suíomhanna leabhair neamhthrádála faoi réir riosca malairte eachtraí i gcomhréir le cur chuige malartach na samhlacha inmheánacha**

1. Le linn ríomh a dhéanamh ar na ceanglais cistí dílse le haghaidh suíomhanna leabhair neamhthrádála faoi réir riosca malairte eachtraí i gcomhréir le cur chuige malartach na samhlacha inmheánacha a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1b, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is é an luach de réir na leabhar is déanaí atá ar fáil le haghaidh na suíomhanna sin a úsáidfidh institiúidí mar bhonn.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh institiúidí úsáid a bhaint as an luach cóir is déanaí atá ar fáil de chuid suíomh leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí, ar choinníoll go ndéanann siad a suíomhanna leabhair neamhthrádála uile a thomhas de réir luach cóir ar bhonn ráithiúil ar a laghad. Agus an maolú sin á úsáid, cuirfidh na hinstitiúidí i bhfeidhm é go comhsheasmhach ar na suíomhanna leabhair neamhthrádála uile atá faoi réir riosca malairte eachtraí.

3. Déanfaidh institiúidí nuashonrú ar an luach is déanaí atá ar fáil a úsáidtear mar bhonn chun na ceanglas cistí dílse le haghaidh riosca malairte eachtraí a ríomh i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 ar bhonn laethúil, trí athruithe ar luach na bhfachtóirí riosca malairte eachtraí a léiriú.

4. Le linn nuashonrú a dhéanamh, ar bhonn laethúil, ar an luach is déanaí atá ar fáil le haghaidh suíomh leabhair neamhthrádála, nuashonróidh institiúidí luach na bhfachtóirí riosca le haghaidh suíomh ar ina leith a d'úsáid siad an maolú a leagtar síos in Airteagal 5(1), an dara fomhír.

5. Le linn ríomh a dhéanamh ar bheart riosca an easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus ar bheart riosca an cháis struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin i ndáil le suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí, ní chuirfidh institiúidí i bhfeidhm cásanna suaití amach anseo ná géar-chásanna suaití amach anseo, faoi seach, ach amháin maidir le fachtóirí riosca a bhaineann leis an gcatagóir fachtóra riosca leathan tráchtearraí dá dtagraítear in Airteagal 325bd(1) den Rialachán sin.

6. Ina samhail tomhais riosca gabhfaidh institiúidí an riosca lagaithe mar thoradh ar athruithe ar na rátaí malairte ábhartha, ar riosca é a bhaineann le míreanna atá faoi réir an riosca sin, i gcás nach ndéantar na míreanna sin a thomhas de réir luach cóir agus nach ndéantar a luachanna de réir na leabhar a nuashonrú gach dáta tuairiscithe chun léiriú a thabhairt ar na hathruithe ar an ráta malairte idir an t-airgeadra eachtrach agus airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide a aithníonn an mhír ina ráiteas airgeadais aonair.

*Airteagal 4*

**Na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh i gcás suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca tráchtearraí nó atá faoi réir riosca tráchtearraí agus riosca malairte eachtraí araon i gcomhréir le cur chuige malartach na samhlacha inmheánacha**

1. Le linn ríomh a dhéanamh ar na ceanglais cistí dílse le haghaidh suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca tráchtearraí nó atá faoi réir riosca tráchtearraí agus riosca malairte eachtraí araon i gcomhréir le cur chuige malartach na samhlacha inmheánacha a leagtar amach i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1b, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is é an luach cóir is déanaí atá ar fáil le haghaidh na suíomhanna sin a úsáidfidh institiúidí mar bhonn. Déanfaidh institiúidí na suíomhanna sin a thomhas de réir luach cóir ar bhonn laethúil.

2. Maidir le suíomhanna leabhair neamhthrádála nach bhfuil ach faoi réir riosca tráchtearraí, le linn ríomh a dhéanamh ar bheart riosca an easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó ar bheart riosca an cháis struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin, ní chuirfidh institiúidí i bhfeidhm cásanna suaití amach anseo ná géar-chásanna suaití amach anseo, faoi seach, ach amháin maidir le fachtóirí riosca a bhaineann leis an gcatagóir fachtóra riosca leathan tráchtearraí dá dtagraítear in Airteagal 325bd(1) den Rialachán sin.

3. Maidir le suíomhanna leabhair neamhthrádála ach faoi réir riosca tráchtearraí agus riosca malairte eachtraí, le linn ríomh a dhéanamh ar bheart riosca an easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó ar bheart riosca an cháis struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin, cuirfidh institiúidí i bhfeidhm cásanna suaití amach anseo ná géar-chásanna suaití amach anseo, faoi seach, maidir leis na fachtóirí riosca a bhaineann leis an gcatagóirí fachtóra riosca leathana tráchtearraí nó malairte eachtraí dá dtagraítear in Airteagal 325bd(1) den Rialachán sin.

*Airteagal 5*

**Ríomh na n-athruithe hipitéiseacha agus iarbhír ar luach na punainne a bhaineann le suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí nó atá faoi réir riosca tráchtearraí agus riosca malairte eachtraí araon i gcomhréir le hAirteagal 325bf agus Airteagal 325bg de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

1. De mhaolú ar Airteagail 1 go 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059, maidir le hinstitiúidí atá ag ríomh na n-athruithe hipitéiseacha agus iarbhír ar luach na punainne dá dtagraítear in Airteagail 325bf agus 325bg de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le suíomh leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí, ríomhfaidh siad an luach atá ag an suíomh leabhair neamhthrádála sin i ndeireadh an lae tar ríomh an tomhais luacha faoi riosca dá dtagraítear in Airteagal 325bf den Rialachán sin trí úsáid a bhaint as an luach a bhí ag an suíomh leabhair neamhthrádála sin i ndeireadh an lae roimhe sin agus trí nuashonrú a dhéanamh ar an gcomhpháirt lena léirítear riosca malairte eachtraí an tsuímh sin.

I gcás nach dtagann athrú líneach ar shuíomh leabhair neamhthrádála de réir gluaiseachtaí i ráta malairte a bhfuil sé faoina réir, féadfaidh institiúidí ríomh a dhéanamh ar luach an tsuímh leabhair neamhthrádála sin i ndeireadh an lae tar éis ríomh an tomhais luacha faoi riosca dá dtagraítear in Airteagal 325bf de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 trí úsáid a bhaint as an luach atá ag an suímh leabhair neamhthrádála i ndeireadh an lae roimhe sin agus trí nuashonrú a dhéanamh ar na comhpháirteanna uile a úsáideann an institiúid chun an suíomh leabhair neamhthrádála sin a luacháil.

Le linn an dara fomhír a chur i bhfeidhm, cuirfidh institiúidí i bhfeidhm í go comhsheasmhach maidir leis na suíomhanna uile sa deasc thrádála nach dtagann athrú líneach orthu de réir gluaiseachtaí i ráta malairte a bhfuil na suíomhanna sin faoina réir.

2. De mhaolú ar Airteagail 1 go 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059, maidir le hinstitiúidí atá ag ríomh na n-athruithe hipitéiseacha agus iarbhír ar luach na punainne dá dtagraítear in Airteagail 325bf agus 325bg de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le suíomh leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca tráchtearraí nó atá faoi réir riosca tráchtearraí agus riosca malairte eachtraí araon, ríomhfaidh siad an luach atá ag an suíomh leabhair neamhthrádála sin i ndeireadh an lae tar ríomh an tomhais luacha faoi riosca dá dtagraítear in Airteagal 325bf den Rialachán i gcomhréir le ceann de na modhanna seo a leanas:

(a) bainfidh institiúidí úsáid as an luach a bhí ag an suíomh leabhair neamhthrádála sin i ndeireadh an lae roimhe sin agus ní dhéanfaidh siad nuashonrú ach ar na comhpháirteanna lena léirítear an riosca malairte eachtraí agus an riosca tráchtearraí;

(b) bainfidh institiúidí úsáid as an luach a bhí ag an suíomh leabhair neamhthrádála sin i ndeireadh an lae roimhe sin agus nuashonróidh siad na comhpháirteanna uile a úsáideann an institiúid chun an suíomh leabhair neamhthrádála sin a luacháil.

Le linn an chéad fhomhír a chur i bhfeidhm, cuirfidh institiúidí i bhfeidhm í go comhsheasmhach maidir leis na suíomhanna uile sa deasc trádála atá faoi réir riosca tráchtearraí.

3. Ní chuirfidh institiúidí míreanna 1 agus 2 i bhfeidhm ach amháin maidir le suíomhanna leabhair neamhthrádála a áirítear sa phunann lá ríofa an tomhais luacha faoi riosca dá dtagraítear in Airteagal 325bf de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus sa phunann an lá tar éis ríomh an tomhais luacha faoi riosca.

*Airteagal 6*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Aibreán 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN